

Abairleat! BEO

Mícheál Ó Foighil



AbairLeat! BEO is ainm don suíomh pobail sóisialta atá á fhorbairt againn i gColáiste Lurgan, i gcomhar leis an gcomhlacht idirghníomhach domhanda, F-i (Fantasy Interactive Inc.) atá lonnaithe i Nua-Eabhrac. Beidh an leagan trialach ar fáil ar www.abairleat.com faoi thús mhí na Nollag 2011. Beifear á sheoladh go náisiúnta mí Feabhra 2012.

Is suíomh don chéad ghlúin eile é AbairLeat!BEO a ligean d'úsáideoirí a gcuid scéalta a scaipeadh le háiseanna amhairc, chomh maith le téacs. Tá fáilte roimh chuile dhuine páirt a ghlacadh sa ghréasán sóisialta seo. Féadfaidh daoine nuashonraí stádais a phostáil nó micreabhlaganna a scaipeadh agus iad go hiomlán as Gaeilge.

Is é AbairLeat! BEO an chéad suíomh gréasáin sóisialta a fhreastalaíonn go heisiach ar riachtanais mionteanga. Tá muid ag iarraidh an suíomh seo a bheith difriúil ó shuíomh eile, sa mhéid is gur i nGaeilge go príomha a dhéanfar an comhrá. Tá bogábhar nua á réiteach againn le postáil, a thabharfaidh aiseolas don úsáideoir ar chéatadán na Gaeilge atá sa téacs. Má bhíonn líon na bhfocal Gaeilge faoi bhun 70% beidh leasuithe le déanamh sula bhfoilseofar é. Fáilteofar roimh bheagán den dátheangachas chomh fada



agus a bhíonn formhór an téacs i nGaeilge.

Ní gá do dhuine a bheith líofa chun AbairLeat!BEO a úsáid. Teastaíonn uainn go n-úsáidfadh líon mór daoine an suíomh, agus chuige sin, tá tacaíocht agus misneach ar fáil do chách chun logáil ar an suíomh, comhrá a dhéanamh agus páirt a ghlacadh ann. Tá uirlisí againn ar an suíomh a chabhróidh le duine focail a litriú agus a aistriú ó Bhéarla go Gaeilge agus mar gheall air sin ní bheidh stró ar dhuine

tuairimí agus nuashonraí a fhoilsiú nó poist a fhógairt as Gaeilge.

Ní thógfaidh sé ach cúpla soicind ort clárú agus do chuid scéalta, smaointe, grianghraif, comhaid fuaime agus físeáin a roinnt le do chairde, do chomhghleacaithe agus do ghaolta i dtimpeallacht shimplí, éasca le húsáid – agus é sin go léir as Gaeilge! Roinn do chuid smaointe as Gaeilge le daoine nó le grúpaí daoine nó fiú le pobal iomlán AbairLeat!Beo! Tá ceangal idir AbairLeat!Beo agus cuntais Twitter agus

Facebook, ionas gur féidir an comhrá a choimeád ar siúl lasmuigh den suíomh.

Trí bhreathnú ar dheis AbairLeat! BEO feicfidh tú a bhfuil ar siúl ag chuile dhuine eile, ina n-aonar agus i ngrúpaí, agus beidh formhór an ábhair scríofa air i nGaeilge. Cabhróidh AbairLeat!BEO le daoine atá ag foghlaim na teanga í a úsáid chun iad féin a chur in iúl, ionas nach foghlaimeoirí amháin a bheas iontu, ach úsáideoirí na Gaeilge chomh maith.